Coimisiún na Meán

# Conas a chabhraíonn Coimisiún na Meán do leanbh a chosaint ar líne

Pacáiste eolais do thuismitheoirí
Meitheamh 2025

Coimisiún na Meán

# Cad é atá i gceist le Coimisiún na Meán?

# Ról Choimisiún na Meán

Coimisiún na Meán

**Is é Coimisiún na Meán rialtóir meán na hÉireann**

- Údarás Craolacháin na hÉireann a bhí ann roimhe sin agus ar cheann de phoist nuashonraithe Choimisiún na Meán is ea a chinntiú go mbeidh rialacha an Chreata Sábháilteachta ar Líne á leanúint ag ardáin ar líne atá bunaithe in Éirinn.

- Má fhaightear amach nach bhfuil na rialacha á leanúint ag ardáin ar líne, is féidir le Coimisiún na Meán fíneálacha suas le €20 milliún a ghearradh

Coimisiún na Meán

**Fís:** *tírdhreach meán faoi bhláth, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa.*

# Creat Sábháilteachta ar Líne na hÉireann = rialacha nua ar líne

Coimisiún na Meán

An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (2023)

+

An Cód Sábháilteachta ar Líne (2024)

+

An Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (2024)

=

Creat Sábháilteachta ar Líne

Tá deireadh tagtha le ré na féinrialála – tá rialachán reachtúil anseo anois

# Cad iad na seirbhísí ar líne a mbaineann na dlíthe seo leo?

Coimisiún na Meán

## An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA)

**VLOPanna**
Ardáin An-Mhór ar Líne
**(Bunaithe in Éirinn amháin)**

**VLOSEnna**
Innill Chuardaigh An-Mhór ar Líne
**(Bunaithe in Éirinn amháin)**

**ISPanna agus ardáin eile**
Ardáin ag a bhfuil faoi bhun 45 milliún úsáideoir
**(Bunaithe in Éirinn amháin)**

## Cód Sábháilteachta ar Líne (OSC)

**Ardáin comhroinnte físeán**
**(Bunaithe in Éirinn amháin)**

## Ábhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (TCOR)

**HSPanna – Soláthraithe Seirbhísí Óstála**
**(Don phobal amháin)**
Seirbhísí lena gcumasaítear sonraí a stóráil agus a chomhroinnt ar líne

**TABHAIR FAOI DEARA:** Ní chlúdaíonn sainchúram Choimisiún na Meán na meáin chlóite. Tá sin á rialú ag Ombudsman an Phreasa.

Coimisiún na Meán

# Cén cuidiú a thugtar do mo leanbh ar líne mar gheall ar na rialacha seo?

# Cén cuidiú a thugtar do mo leanbh ar líne mar gheall ar na rialacha seo?

Coimisiún na Meán



# Cearta do leanaí ar líne



**An Ceart chun Tuairisciú a Dhéanamh**
Ba cheart córas tuairiscithe so-aimsithe agus so-úsáidte a bheith ann.




**An Ceart chun Tú Féin a Chur in Iúl**
Má bhaintear ábhar do linbh d’ardán, tá sé de cheart ag do leanbh an chúis atá leis sin a fháil amach agus an cinneadh sin a achomharc.






**An Ceart chun Príobháideachais**
Nuair atá a fhios ag ardáin go bhfuil úsáideoir faoi bhun 18 mbliana d’aois, níl cead acu fógraíocht spriocdhírithe a úsáid orthu.

# Cearta do leanaí ar líne






**An Ceart chun Eolais**
Ba cheart eolas maidir le srianta ar ábhar a bheith sna Téarmaí agus sna Coinníollacha, e.g. ábhar mídhleathach agus díobhálach.

**An Ceart chun Cosaint a Fháil ar Dhíobháil**
Ní mór faisnéis shoiléir a bheith ag ardáin ina gcuid Téarmaí agus Coinníollacha faoin gcaoi a n-oibríonn a gcórais moltóirí (m.sh. fothaí 'duit').



Coimisiún na Meán

# Cad is féidir liom a dhéanamh chun cuidiú le mo leanbh ar líne?

# Conas ardáin a choinneáil freagrach

Coimisiún na Meán

Má fheiceann tú ábhar díobhálach nó mídhleathach ar líne, **tuairiscigh** an cás don ardán i dtús **i gcónaí**. Tríd sin, cuirtear oibleagáid ar ardáin déileáil leis an ábhar achrannach.

**Bí ar an eolas faoi do chearta agus cearta do linbh**: Más dóigh leat nach bhfuil na rialacha á leanúint ag ardáin, déan teagmháil le hionad teagmhála Choimisiún na Meán. Mura bhfuil tú cinnte conas tuairisciú, abair linn é sin freisin.

Dá mhéad ceisteanna agus eolais a fhaigheann Coimisiún na Meán ón bpobal, is ea is fearr is féidir leis a chuid oibre a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil na hardáin ag cloí leis na rialacha.




*Feachtas poiblí feasachta Choimisiún na Meán's ,*
***Fainic, Seol Tuairisc, Seas Roimhe***

# Cuidigh le do leanbh **ábhar mídhleathach** a thuairisciú ar líne

Coimisiún na Meán

**1**

Ba cheart duit **ábhar mídhleathach a thuairisciú don ardán** ar a bhfaca tú é agus úsáid á baint as an **bhfoirm chun ábhar mídhleathach a thuairisciú.**

Is féidir gur gá duit do sheoladh ríomhphoist a chomhroinnt mar aon leis na cúiseanna ar dóigh leat go bhfuil an t-ábhar mídhleathach

**2**

Nuair atá **ábhar mídhleathach** tuairiscithe, ní mór don ardán freagra a thabhairt agus **cinneadh** a sholáthar duit maidir le conas a dhéileáil sé le do thuairisc, agus na cúiseanna lena chinneadh á leagan amach.

Caithfidh an cinneadh a bheith tráthúil.

**3**

Mura bhfuil tú sásta le cinneadh **ardáin** tar éis tuairisc a thabhairt nó tar éis **don ardán** ábhar **a bhaint**, is féidir leat an cinneadh sin a **achomharc** ar an ardán.

Ba cheart é a bheith soiléir duit conas é sin a dhéanamh, agus ba cheart é a bheith éasca an córas achomhairc sin a aimsiú.

**4**

Má cheapann tú **nár chomhlíon an t-ardán a oibleagáidí**, is féidir leat **gearán** a dhéanamh le Coimisiún na Meán.

# Cuidigh le do leanbh ábhar **díobhálach** a thuairisciú ar líne

Coimisiún na Meán

1

Más rud é go bhfuil rud éigin **díobhálach**, ach nach bhfuil sé mídhleathach, is féidir gur sárú é sin ar an gCód Sábháilteachta ar Líne nó ar chaighdeáin phobail an ardáin (i.e. rialacha an ardáin), mar sin ba cheart duit **é a thuairisciú don ardán**.

2

Nuair a bheidh ábhar díobhálach tuairiscithe, is féidir go dtabharfaidh ardáin freagra chun an tuairisc a aithint, ach is féidir nach bhfaighidh tú cúiseanna i dtaobh an fhátha a bhfuil nó nach bhfuil an t-ábhar á bhaint.

Caithfidh an cinneadh a bheith tráthúil.

3

Mura bhfuil tú sásta le cinneadh **ardáin** tar éis tuairisc a thabhairt nó tar éis don ardán ábhar a bhaint, is féidir leat an cinneadh sin a **achomharc** ar an ardán.

Ba cheart é a bheith soiléir duit conas é sin a dhéanamh, agus ba cheart é a bheith éasca an córas achomhairc sin a aimsiú.

4

Má cheapann tú **nár chomhlíon** an t-ardán a **oibleagáidí**, is féidir leat **gearán** a dhéanamh le Coimisiún na Meán.

# Conas ábhar díobhálach nó ábhar mídhleathach a thuairisciú ar na hardáin

Coimisiún na Meán

| | Conas ábhar a sháraíonn rialacha/téarmaí agus coinníollacha an phobail a thuairisciú | Conas chun ábhar neamhdhleathach a thuairisciú |
|---|---|---|
| | An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Facebook | An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Facebook |
| | An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Instagram | An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Instagram |
| | An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar X | An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar X |
| | An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar TikTok | An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar TikTok |
| | An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar LinkedIn | An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar YouTube |
| | An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Youtube | An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Google |
| | An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Google | An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Bing |
| | An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Bing | |
| | Ardáin eile: féach an nasc anseo le haghaidh tuilleadh eolais | |

# Na leideanna is fearr do thuismitheoirí

Coimisiún na Meán



Tuairiscigh ábhar díobhálach agus mídhleathach ar líne



Smaoinigh ar rialúcháin tuismitheoirí a usáid



Ná ceadaigh rochtain go mbeidh do leanbh sean go leor



Labhair le do leanbh

Le haghaidh tuilleadh eolais, féach ar ár suíomh idirlíon:
**https://www.cnam.ie/ga/an-pobal-ginearalta/treoracha-acmhainni/eolas-do-thuismitheoiri/**

# Cad is féidir a thuarisciú chuig Coimisiún na Meán: **Cásanna féideartha**

Coimisiún na Meán

1

"Tháinig mé ar thionchaire a raibh aiste bhia, chomh maith le piollairí aiste bia, an-chontúirteach á gcur chun cinn aige. Ní fhaca mé lipéad ar an bpostáil sin. Tá mé buartha go mb'fhéidir go bhfeicfidh mo leanbh é sin. Cad is féidir liom a dhéanamh?"

# Cásanna Féideartha

Coimisiún na Meán

1

Faoin gCreat Sábháilteachta ar Líne, ní cheadaítear fógraí a spriocdhíriú ar leanaí agus dá réir sin, níor cheart do leanaí a bhfuil n-aois cheart dearbhaithe acu fógraí spriocdhírithe a fháil ar líne. Soiléirítear ann freisin gur cheart fógraí a lipéadú go soiléir.

Má thagann do leanbh ar fhógraí ar líne, ba cheart dóibh sin a thuairisciú. Mura féidir leat a fháil amach conas tuairisciú, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Coimisiún na Meán. Ba mhaith linn a fhios bheith againn an bhfuil nó nach bhfuil na hardáin ag cloí leis na rialacha sin.

# Cásanna Féideartha

Coimisiún na Meán

1

**Cad eile *is féidir* leat a dhéanamh chun cuidiú le do leanbh:**

- Is féidir leat cuidiú leis nó léi an phostáil nó an cuntas a bhlocáil nó a bhalbhú
- Is féidir leat cuidiú leis nó léi do chórais moltóirí a choigeartú ach ‘Ní mian liom é seo a fheiceáil’ a rá
- - Is féidir go mbeidh tionchairí faoi réir dlíthe tomhaltóirí freisin. Is eagraíocht eile é CCPC a d’fhéadfadh a bheith in ann cuidiú. Mura léir cé acu atá nó nach bhfuil táirge á dhíol nó más ‘fógra urraithe’ é nó mura léir sin, is féidir leat cuidiú leo teagmháil a dhéanamh le CCPC.
- D’fhéadfá a mholadh go mbreáthóidís ar acmhainní iontacha eile ar na suíomhanna gréasáin atá ag FSS agus BiaSlán faoi itheachán sláintiúil.

# Cásanna Féideartha

Coimisiún na Meán

2

Imríonn m'iníon atá 9 mbliana d'aois cluichí ar líne. Chuala mé a comhrá de thimpiste le déanaí, rud a bhí aici le daoine eile ar líne, agus bhí alltacht orm. Bhí daoine ag rá léi lámh a chur ina bás féin agus an cluiche a fhágáil. Chonaic mé teachtaireachtaí den chineál chéanna. An bhfuil an méid sin mídhleathach? An féidir liom tuairisciú do Choimisiún na Meán?

# Cásanna Féideartha

Coimisiún na Meán

2

Tá bagairtí báis ar líne agus ar an láthair mídhleathach. Mar sin féin, tá tábhacht leis an gcomhthéacs agus, ar an drochuair, is féidir le pobail ar líne a bheith nimhneach uaireanta. Ar dtús, má tá ainm úsáideora na ndaoine a raibh na barúlacha sin á rá acu ar eolas agat, tá sé de rogha agat tuairisc a thabhairt orthu. I roinnt mhaith cluichí ar líne, is ann do chaighdeáin nó rialacha pobail agus is iondúil nach nglactar leis an gcineál iompair sin.

Maidir leis an méid sin a thuairisciú chuig Coimisiún na Meán, braitheann sé ar an áit a bhfuil ceanncheathrú an chluiche sin bunaithe. Dá mbeadh sé bunaithe in Éirinn agus dá gcomhlíonfaí ceanglais eile de chuid an Chreata Sábháilteachta ar Líne, mar shampla, mura bhféadfá teacht ar bhealach chun tuairisciú, d’fhéadfadh ról a bheith ag Coimisiún na Meán.

# Cásanna Féideartha

Coimisiún na Meán


2


Mar rialtóir meán, ní modhnóir ábhair muid, ach tá spéis againn a thuiscin agus a fheiceáil an bhfuil na rialacha á leanúint ag eagraíochtaí, rialacha nach mór dóibh a leanúint.

Cén bealach eile is féidir leat cuidiú le d'iníon?

- Is féidir leat an t-úsáideoir a bhalbhú nó a bhlocáil
- Is féidir leat an cluiche a fhágáil
- Is féidir leat a chinntiú nach bhfuil tú ag imirt ach le do chairde agus le d theaghlach, nó leo sin a bhfuil aithne agat féin orthu

# Tuilleadh acmhainní ar ár suíomh gréasáin



# Na príomhrudaí a foghlaimíodh

Coimisiún na Meán

1. Tá **cearta ar líne** agatsa agus ag do leanbh nó do leanaí **faoin** gCreat Sábháilteachta ar Líne.
2. **Ní an chumhacht ag** Coimisiún na Meán-píosaí d'ábhar díobhálach a bhaint **láithreach** ná iallach a chur ar ardáin an t-ábhar sin a bhaint.
3. Má tá fadhb agat ar líne, **tuairiscigh** sin chuig an ardán ar dtús **i gcónaí**.
4. Mura bhfuil tú cinnte faoi aon rud, nó más mian leat cabhair a fháil agus tú ag tuairisciú, **déan teagmháil** leis an ionad teagmhála ag an nasc thíos.

**www.cnam.ie/tuairiscdúinn**

Coimisiún na Meán

www.cnam.ie